POBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE

29 Eanáir 2021

A chara,

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh ar fad a líon an suirbhé ar an gcianfhoghlaim le déanaí. Bunaithe ar an aiseolas ó dhaltaí, tuismitheoirí agus múinteoirí, táimid chun roinnt athruithe beaga a dhéanamh sa choicíos romhainn agus sinn ag druidim leis an sos meán téarma. Leanfaimid ar aghaidh leis an gcóras atá againn ag leanúint clár ama na scoile le 20 nóiméad múineadh, 15 nóiméad obair neamhspleách agus 5 nóiméad ag deireadh an ranga chun am a thabhairt le haistriú ó rang amháin go rang eile. Tuigmimid go bhfuil sé seo dian ar na héinne agus léiríodh é sin sna suirbhéanna. Chun aghaidh a thabhairt air sin, táimid chun leath lae eile a thabhairt isteach ón tseachtain seo chugainn ar aghaidh. Athróidh an lá agus an t-am ó sheachtain go seachtain (féach thíos) agus tabharfaidh sé sin deis do gach duine aclaíocht a dhéanamh, nó obair neamhspleách a dheánamh agus sos a bheith acu ó bheith ag foghlaim ar líne.

Chun folláine a chur chun cinn, tá duine dár n-iarscoláirí, Deirdre Ní Ghéibheannaigh, chun ranganna aclaíochta ar líne a chur ar fáil i rith an ama seo. Seolfar amach nascanna do na ranganna seo roimh ré.

Bhuaileamar le daltaí Bhliain 3 ar Zoom maidin inniu chun na socruithe a bhaineann leis na réamhscrúduithe a mhíniú dóibh. Má bhímid ar ais ar scoil cuirfear na scrúduithe ar siúl ar scoil mar is gnáth ag tosnú Dé Luain 1 Márta. Má bhímid fós ag gabháil don gcianfhoghlaim cuirfimid na scrúduithe sin ar athló. Más rud é go gcuirfear scrúdú stáit an Teastais Shóisearaigh ar ceal níos déanaí sa bhliain, bainfimid úsáid as na páipéir scrúduithe sin chun ár dTeastas Sóisearach féin a chur ar siúl ar scoil. Mar atá rudaí faoi láthair, leanfaimid ar aghaidh ag obair i dtreo scrúduithe an Teastais Shóisearaigh i mí an Mheithimh ach beimid ullamh má thagann aon athrú air sin.

Ba mhaith liom, chomh maith, tréaslú le gach duine i bpobal na scoile as a gcuid iarrachtaí agus sinn ag leanúint ar aghaidh le hoideachas bhur leanaí. Tá sé difriúil agus dúshlánach ach tá ag éirí linn.

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide

**<u>Saor ó ranganna Zoom</u>**

| | |
|---|---|
| **Feabhra 1 - 5** | **Dé Céadaoin 1400 - 1600** |
| **Feabhra 8 - 12** | **Dé Céadaoin 0900 - 1100** |

**POBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE**

*A chara,*

*I would like to thank all of you that completed our remote learning survey recently. Based on the feedback from students, parents and teachers we are making some slight adjustments for the two weeks in the lead in to the mid term break. We will continue with our system of following the school timetable and having 20 minutes of teaching time, 15 minutes for independent work and 5 minutes at the end of each class to transition from one class to the next. We are cognisant that this is quite demanding on everyone and this was reflected in the surveys. To address this we are introducing a half day from next week on. The day and the periods will vary from week to week (as detailed below) and will allow everyone an opportunity to be physically active, or to do some independent work and to have a break from the online engagement.*

*To assist with the wellbeing element of this one of our former students Deirdre Ní Ghéibheannaigh is going to run online fitness classes at these times. Links for these classes will be sent out beforehand.*

*We met with all third year students on Zoom this morning to explain our arrangements for their upcoming Mock exams. If we are back in school the exams will be run in school as normal, commencing on Monday March 1st.*
*If we are still learning remotely we will postpone the exams. Should the Junior Certificate State exam be cancelled later in the year we will use these exam papers to run our own Junior Certificate within the school. As things stand we will continue to work towards the Junior Certificate exam in June but we will be prepared if there is a change in this.*

*I would also like to commend everyone in the school community for their efforts at the moment as we continue with your children's education. It may be different and challenging but we are succeeding.*

*Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.*

*Le buíochas,*

*Éamonn Mac Muiris*
*Príomhoide*

***No Zoom classes at the following times***

| | |
|---|---|
| **February 1 - 5** | **Wednesday 1400 - 1600** |
| **February 8 - 12** | **Wednesday 0900 - 1100** |